## Planning and Development Act 2000 (as amended)
## Notice of Direct Planning Application to An Bord Pleanála
## in Respect of a Strategic Infrastructure Development
## County Cork & County Kerry

In accordance with Section 37E of the Planning and Development Act 2000, as amended, we, Gortyrahilly Wind Designated Activity Company, give notice of our intention to make an application to An Bord Pleanála for permission for a period of 10 years, for development comprising the construction of a wind farm and related works in the townlands of Cahernacaha (Cathair na Cáithe), Gortnabinna (Gort na Binne), Derryfineen (Doire Fhínín), Gortyrahilly (Gort Uí Raithile), Rath West (An Ráth Thiar), Derree (Na Doirí), Fuhiry (Na Foithrí), Derreenaculling (Doire an Chuilinn), Lumnagh Beg (An Lománach Bheag), Lumnagh More (An Lománach Mhór), Scrahanagown (Screathan na nGamhan), Bardinch (Barr d'Ínse), Milleeny (Na Millíní), Inchamore (An Inse Mhór), Derreenaling (An Doirín Álainn), Coolea (Cúil Aodha), Gortnatubbrid (Gort na Tiobraid), Murnaghbeg (An Muirneach Beag), Slievereagh (An Sliabh Riabhach), Togher (An Tóchar), Caherdowney (Cathair Dhúnaigh), County Cork and Derryreag (Doire Aimhréidh), Cummeenavrick (Coimín an Bhroic), Glashacormick (Glaise Chormaic), Clydaghroe (An Chlaoideach Rua) and Cummeennabuddoge (Coimín na Bodóige) County Kerry.

The proposed development will consist of the following:

- Construction of 14 No. wind turbines with an overall ground to blade tip height ranging from 179m to 185m inclusive. The wind turbines will have a rotor diameter ranging from 149m to 155m inclusive and a hub height ranging from 102.5m to 110.5m inclusive.
- Construction of permanent turbine hardstands and turbine foundations.
- Construction of one temporary construction compound with associated temporary site offices, parking areas and security fencing.
- Installation of one (35-year life cycle) meteorological mast with a height of 110m and a 4m lightning pole on top.
- Development of two on-site borrow pits.
- Construction of new permanent internal site access roads, upgrade of existing internal site access roads and upgrading of the L-34011-20 road (which forms part of the Beara-Breifne Way) and lies within the site, to include passing bays and all associated drainage infrastructure.
- Development of an internal site drainage network and sediment control systems.
- Construction of 1 no. permanent 110 kV electrical substation including 2 no. control buildings with welfare facilities, all associated electrical plant and equipment, security fencing and gates, all associated underground cabling, wastewater holding tank, and all ancillary structures and works.
- All associated underground electrical and communications cabling connecting the wind turbines to the wind farm substation.
- Ancillary forestry felling to facilitate construction of the development.
- All works associated with the permanent connection of the wind farm to the national electricity grid comprising a 110 kV underground cable in permanent cable ducts from the proposed, permanent, on-site substation, in the townland of Gortyrahilly (Gort Uí Raithile) and onto the townlands of Derree (Na Doirí), Derreenaculling (Doire an Chuilinn), Lumnagh Beg (An Lománach Bheag), Lumnagh More (An Lománach Mhór), Scrahanagown (Screathan na nGamhan), Bardinch (Barr d'Ínse), Milleeny (Na Millíní), Inchamore (An Inse Mhór), Derreenaling (An Doirín Álainn), Derryreag (Doire Aimhréidh), Cummeenavrick (Coimín an Bhroic), Glashacormick (Glaise Chormaic), Clydaghroe (An Chlaoideach Rua) and Cummeennabuddoge (Coimín na Bodóige) to the existing Ballyvouskill (Baile Uascail) 220 kV Substation in the townland of Caherdowney (Cathair Dhúnaigh).
- All associated site development works including berms, landscaping, and soil excavation.
- Improvement of an entrance to an existing private road off the L-7405-0 local road to include localised widening of the road and creation of a splayed entrance to facilitate the delivery of abnormal loads and turbine component deliveries.
- Improvement of an existing site entrance off the L-3402-36 local road to include removal of existing vegetation for visibility splays to facilitate the use of it for the delivery of construction materials to the site.
- Upgrade works on the turbine delivery route to include the following:
  - o Construction of a temporary bridge over the Sullane River (Abha an tSuláin) to allow access to the L-3400-79 from the N22 in Ballyvourney (Baile Bhuirne) for the duration of the construction works.
  - o Localised widening of the L-3405-0 road to a width of 4.5m, from the junction with the L3400-79 road to the junction with the L-7405-0 road.
  - o Localised widening of the L-7405-0 road to a width of 4.5m, from the junction with the L-3405-0 to the entrance to an existing private road off the L-7405-0.
  - o The construction of a temporary access road off the N22 in the townland of Cummeenavrick (Coimín an Bhroic) to facilitate a 180 degrees turning manoeuvre by the turbine delivery vehicles.

This application is seeking a ten-year permission and a 35 year operational period from the date of overall commissioning of the entire wind farm.

This application is accompanied by an Environmental Impact Assessment Report (EIAR) and a Natura Impact Statement (NIS).

The planning application, EIAR and NIS may be inspected free of charge or purchased on payment of a specified fee (which fee shall not exceed the reasonable cost of making such a copy) during public opening hours for a period of seven weeks commencing on 16th September 2022 at the following locations:

- The Offices of An Bord Pleanála, 64 Marlborough Street, Dublin 1, D01 V902.
- The Offices of Cork County Council, Ground Floor, County Hall, Carrigrohane Road, Cork, T12 R2NC.
- The Offices of Kerry County Council, County Buildings, Ratass, Tralee, Co. Kerry, V92 H7VT.

The application may also be viewed/downloaded on the following website: **www.gortyrahillyplanning.ie.**

Submissions or observations may be made only to An Bord Pleanála ("the Board") 64 Marlborough Street, Dublin 1 in writing or online on the Board's website
**www.pleanala.ie** during the above-mentioned period of seven weeks relating to: (i) the implications of the proposed development for proper planning and sustainable development of the area concerned; (ii) the likely effects on the environment of the proposed development, if carried out, and (iii) the likely effects or adverse effects on the integrity of a European site, if carried out.

Any submissions/observations must be accompanied by a fee of €50 (except for certain prescribed bodies) and must be received by the Board **not later than 5.30 p.m. on 4th of November 2022**.
Such submissions/observations must also include the following information: (i) the name of the person making the submission or observation, the name of the person acting on his or her behalf, if any, and the address to which any correspondence relating to the application should be sent; (ii) the subject matter of the submission or observation, and (iii) the reasons, considerations and arguments on which the submission or observation is based in full (Article 217 of the Planning and Development Regulations 2001, as amended, refers).

Any submissions or observations which do not comply with the above requirements cannot be considered by the Board.

The Board may at its absolute discretion hold an oral hearing on the application. (For further details please see 'A Guide to Public participation in Strategic Infrastructure Development' on the Board's website **www.pleanala.ie**).

The Board may in respect of an application for permission decide to: (a) (i) grant the permission, or (ii) make such modifications to the proposed development as it specifies in its decision and grant permission in respect of the proposed development as so modified, or (iii) grant permission in respect of part of the proposed development (with or without specified modifications of it of the foregoing kind), and any of the above decisions may be subject to or without conditions, or (b) refuse to grant the permission.

Any enquiries relating to the application process should be directed to the Strategic Infrastructure Development Section of An Bord Pleanála (Tel. 01-8588100). A person may question the validity of any such decision of the Board by way of an application for judicial review, under Order 84 of the Rules of the Superior Courts (S.I. No. 15 of 1986, as amended by S.I. No. 691 of 2011), in accordance with Section 50 of the Planning and Development Act, 2000 as amended. Practical information on the review mechanism can be accessed under the heading "Information on cases / Weekly lists" –
Judicial Review of planning decisions, on the Board's website **www.pleanala.ie** or on the Citizens Information Service website **www.citizensinformation.ie.**

## An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)
## Fógra i leith Iarratais Phleanála á chur díreach go dtí An Bord Pleanála
## maidir le Forbairt Bonneagair Straitéisigh
## Contae Chorcaí & Contae Chiarraí

De réir Alt 37E den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú, tugaimidne, Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe Gaoithe Ghort Uí Raithile, fógra go bhfuil sé ar intinn againn iarratas a dhéanamh chuig an mBord Pleanála ar chead ar feadh tréimhse 10 mbliana, le haghaidh forbartha a chuimsíonn an feirm ghaoithe a thógáil agus oibreacha gaolmhara sna bailte fearainn seo a leanas Cathair na Cáithe, Gort na Binne, Doire Fhínín, Gort Uí Raithile, An Ráth Thiar, Na Doirí, Na Foithrí, Doire an Chuilinn, An Lománach Bheag, An Lománach Mhór, Screathan na nGamhan, Barr d'Ínse, Na Millíní, An Inse Mhór, An Doirín Álainn, Cúil Aodha, Gort na Tiobraid,
An Muirneach Beag, An Sliabh Riabhach, An Tóchar agus Cathair Dhúnaigh i gContae Chorcaí chomh maith le Doire Aimhréidh, Coimín an Bhroic, Glaise Chormaic,
An Chlaoideach Rua, agus Coimín na Bodóige i gContae Chiarraí.

Cuimsítear na nithe seo leanas sa bhforbairt atá beartaithe:

- 14 tuirbín gaoithe a thógáil le hairde iomlán ó thalamh go barr rinn lainne de réimse idir 179m agus 185m san áireamh. Beidh trastomhas rótair ag na tuirbíní gaoithe idir 149m agus 155m san áireamh agus airde moil idir 102.5m agus 110.5m san áireamh.
- Tógáil cruasheastán tuirbíní buana agus bunsraitheanna tuirbíní.
- Tógáil príomhshuíomh tógála sealadach amháin le hoifigí suímh shealadacha ghaolmhara, limistéir pháirceála agus fálú slándála.
- Suiteáil crann meitéareolaíochta amháin (saolré 35 bliana) a bheidh 110 méadar ar airde agus cuaille tintrí 4m ar a bharr.
- Dhá shloc soláthair a fhorbairt ar an láthair.
- Tógáil bóithre rochtana inmheánacha buana nua, uasghrádú ar bhóithre rochtana inmheánacha atá ann cheana agus uasghrádú ar an mbóthar L-34011-20 (atá mar chuid de Slí Bhéarra-Breifne) agus atá suite laistigh den láithreán, lena n-áirítear bánna pasála agus an bonneagar draenála uile lena mbaineann.
- Forbairt líonra inmheánach draenála suímh agus córais rialaithe dríodair.
- Tógáil 1 uimh. fostáisiún leictreach buan 110 kV lena n-áirítear 2 uimh. foirgnimh rialaithe le háiseanna leasa, gach gléasra agus trealamh leictreach gaolmhar, fálú agus geataí slándála, gach cábla faoi thalamh a bhaineann leis, umar coinneála fuíolluisce, agus gach struchtúr agus oibreacha coimhdeacha.
- Na cáblaí leictreacha agus cumarsáide faoi thalamh uile a nascann na tuirbíní gaoithe le fostáisiún na feirme gaoithe.
- Leagan foraoiseachta coimhdeach chun tógáil na forbartha a éascú.
- Na hoibreacha go léir a bhaineann le nasc buan na feirme gaoithe leis an eangach náisiúnta leictreachais a dhéanamh agus a chuimsíonn cábla 110 kV faoi thalamh i nduchtanna cábla buana ón bhfostáisiún buan ar an láthair atá beartaithe, i mbaile fearainn Ghort Uí Raithile agus ar aghaidh trí na bailte fearainn seo a leanas - Na Doirí, Doire an Chuilinn, An Lománach Bheag, An Lománach Mhór, Screathan na nGamhan, Barr d'Ínse, Na Millíní, An Inse Mhór, An Doirín Álainn, Doire Aimhréidh, Coimín an Bhroic, Glaise Chormaic, An Chlaoideach Rua agus Coimín na Bodóige go dtí Fostáisiún 220 kV Bhaile Uascail atá ann cheana i mbaile fearainn Chathair Dhúnaigh.
- Gach obair forbartha láithreáin lena n-áirítear beirm, tírdhreachtú agus tochailt ithreach.
- Feabhsú ar bhealach isteach chuig bóthar príobháideach atá ann cheana féin amach ón mbóthar áitiúil L-7405-0 chun leathnú áitiúil an bhóthair a chur san áireamh agus bealach isteach spréach a chruthú chun seachadadh ualaí neamhghnácha agus seachadadh comhpháirteanna tuirbíní a éascú.
- Feabhsú ar bhealach isteach atá ann cheana ón mbóthar áitiúil L-3402-36 chun baint an fhásra atá ann cheana le haghaidh spréanna infheictheachta a áireamh chun é a éascú chun ábhar tógála a sheachadadh chuig an láithreán.
- Oibreacha uasghrádaithe ar bhealach seachadta an tuirbín chun na nithe seo a leanas a áireamh:
  - o Droichead sealadach a thógáil thar Abha an tSuláin chun rochtain a cheadú ar an L-3400-79 ón N22 i mBaile Bhuirne le linn na n-oibreacha tógála.
  - o Leathnú áitiúil ar an mbóthar L-3405-0 go leithead 4.5m, ón acomhal leis an mbóthar L3400-79 go dtí an t-acomhal leis an mbóthar L-7405-0.
  - o Leathnú áitiúil ar an mbóthar L-7405-0 go leithead 4.5m, ón acomhal leis an L-3405-0 go dtí an bealach isteach chuig bóthar príobháideach atá ann cheana amach ón L-7405-0.
  - o Tógáil bóthair rochtana sealadach amach ón N22 i mbaile fearainn Choimín an Bhroic chun ionramháil casaidh 180 céim ag na feithiclí seachadta tuirbíní a éascú.

Tá an t-iarratas seo ag lorg cead deich mbliana agus tréimhse oibriúcháin 35 bliain ó dháta coimisiúnaithe iomlán na feirme gaoithe ar fad.

Tá Tuarascáil ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta (TMTT) agus Ráiteas Tionchair Natura (RTN) ag gabháil leis an iarratas seo.

Féadfar an t-iarratas pleanála, TMTT agus RTN a iniúchadh saor in aisce nó a cheannach ar tháille shonraithe a íoc (nach rachaidh an táille thar an gcostas réasúnach chun cóip den sórt sin a dhéanamh) le linn uaireanta oscailte poiblí ar feadh tréimhse seacht seachtaine dar tosach an 16 Meán Fómhair, 2022 ag na láithreacha seo a leanas:

- Oifigí An Bhoird Phleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902.
- ifigí Chomhairle Contae Chorcaí, Urlár na Talún, Halla an Chontae, Bóthar Charraig Ruacháin, Corcaigh, T12 R2NC.
- Oifigí Chomhairle Contae Chiarraí, Foirgnimh an Chontae, Ráth Teas, Trá Lí, Co. Chiarraí, V92 H7VT.

Is féidir an t-iarratas a léamh/íoslódáil ar an suíomh seo leanas: **www.gortyrahillyplanning.ie.**

Ní féidir aighneachtaí ná tuairimí a dhéanamh ach amháin chuig an mBord Pleanála féin ("an Bord") 64 Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1 i scríbhinn nó ar líne ar shuíomh Gréasáin an Bhoird www.pleanala.ie le linn na tréimhse thuasluaite de sheacht seachtaine maidir le: (i) impleachtaí na forbartha beartaithe do phleanáil chuí agus d'fhorbairt inbhuanaithe an limistéir lena mbaineann; (ii) na héifeachtaí dóchúla a bheidh ag an bhforbairt a bheartaítear ar an gcomhshaol, má dhéantar í, agus (iii) na héifeachtaí dóchúla nó éifeachtaí díobhálacha ar shláine láithreáin Eorpaigh, má dhéantar í.

Ní mór táille €50 (seachas comhlachtaí forordaithe áirithe) a bheith ag gabháil le haon aighneachtaí/tuairimí agus ní mór don Bhord iad a fháil **tráth nach déanaí ná 17.30 ar an 4 Samhain, 2022.** Caithfidh aighneachtaí/tuairimí dá leithéid an fhaisnéis seo a leanas a bheith leo: (i) ainm an duine a dhéanfaidh an aighneacht nó an tuairim, ainm an duine a ghníomhaíonn thar a c(h)eann, más ann dó, agus an seoladh poist d'aon chomhfhreagras a bhaineann leis an tuairim sin; (ii) ábhar na haighneachta nó na tuairime, agus (iii) na cúiseanna, na breithnithe agus na hargóintí ar fad ar a bhfuil an aighneacht nó an tuairim bunaithe (Airteagal 217 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001, arna leasú, ag tagairt).

Ní féidir leis an mBord breithniú a dhéanamh ar aon aighneachtaí nó tuairimí nach gcomhlíonann na ceanglais thuas.

Féadfaidh an Bord, dá rogha féin, éisteacht ó bhéal a thionól ar an iarratas. (Le tuilleadh sonraí a fháil féach 'Treoir do Rannpháirtíocht an Phobail i bhForbairt Bonneagair Straitéisigh' ar shuíomh gréasáin an Bhoird **www.pleanala.ie**).

D'fhéadfadh an Bord na cinntí a leanas a dhéanamh, i leith an iarratais ar chead pleanála: (a) (i) an cead a dheonú, nó (ii) cibé modhnuithe a dhéanamh ar an bhforbairt bheartaithe a shonróidh sé ina chinneadh agus cead a dheonú i leith na forbartha beartaithe ach a mhodhnú amhlaidh, nó (iii) cead a dheonú i leith cuid den fhorbairt bheartaithe (fara nó d'éagmais modhnuithe sonraithe uirthi den chineál sin roimhe seo), agus féadfaidh aon chinntí thuas a bheith faoi réir nó d'éagmais coinníollacha, nó (b) diúltú an cead a thabhairt.

Ba cheart aon fhiosrúcháin i leith phróiseas an iarratais a phlé leis an Rannóg um Infreastruchtúr Straitéiseach de chuid an Bhoird Pleanála (Teil: 01-8588100). D'fhéadfadh duine bailíocht aon chinnidh den chineál sin arna dhéanamh ag an mBord a cheistiú trí bhíthin iarratais ar athbhreithniú breithiúnach, faoi Ordú 84 de Rialacha na nUaschúirteanna (I.R. Uimh. 15 de 1986, arna leasú ag I.R. Uimh. 691 de 2011), i gcomhréir Alt 50 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú. Is féidir teacht ar fhaisnéis phraiticiúil faoin meicníocht athbhreithnithe faoin gceannteideal "Eolas ar chásanna / Liostaí seachtainiúla" – Athbhreithniú Breithiúnach ar chinntí pleanála, ar shuíomh gréasáin an Bhoird **www.pleanala.ie** nó ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse um Fhaisnéis do Shaoránaigh **www.citizensinformation.ie**